

❁ An Lúibín ❁

1 Aibreán 2014

Tairbhe an Diaspóra

Tá a fhios ag Rialtas na hÉireann gur bronntanas ó neamh anuas an Diaspóra. Pota óir atá ann agus gan leipreachán glic ann a cheilfeadh ort é. Má fhágaimid as an áireamh daoine ar nós eagarthóir *An Lúibín* (nach dóigh leis go mbaineann sé le diaspóra ar bith) tá slua ann fós ar féidir tairbhe a bhaint astu. Agus cén dochar ar auir na práinne? A lethéid seo, mar sin: tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mbun athbhreithniú iomlán ar bheartas an Rialtais i leith an Diaspóra chun a fháil amach conas is féidir leis an Diaspóra caidreamh a choinneáil ar Éirinn agus cuidiú le cur chun cinn na tíre.

Aithnítear nach dream aonchineálach an Diaspóra. Tá daoine ann a d'fhág Éire le déanaí agus daoine eile ar tháinig a sinsir ó Éirinn fadó; daoine a chuaigh thar lear chun dul chun cinn sa saol agus daoine a d'imigh ar chúiseanna pearsanta nó i ngeall ar a muintir. D'éirigh thar barr le cuid acu agus theip ar chuid eile. Tríd is tríd, tá an-tábhacht leo. Chuidigh siad go mór le síocháin bhuan a chur ar bun sa Tuaisceart. Tá baint acu le cúrsaí trádála, infheistíochta agus turasóireachta.

Tar éis gur tháinig an Tuairisc ar an mBeartas i leith Imirceach amach sa bhliain 2002, cuireadh airgead ar fáil chun seirbhísí a sholáthar d'imircigh tríd an gClár um Thacú le hImircigh. Tháinig laghdú ar an maoiniú ó shin, ach tá dáil €11.595m ar fáil don bhliain 2014. Eagraíochtaí sa Bhreatain agus sna Stáit a fhaigheann an chuid is mó den mhaoiniú, ach tá airgid á roinnt anois in Brisbane, i Singeapór, in Dubai, in Shanghai, sa tSiombáib agus eile.

Cuireadh an Gréasán Domhanda Éireannach ar bun sa bhliain 2010. Faoi láthair tá os cionn 350 daoine sinseartha gnó ag baint leis, daoine ar Éireannaigh iad nó a bhfuil baint acu le hÉirinn, i dtimpeall daichead tír. Tá eolas acu a rachadh ar sochar d'Éirinn agus í ag iarraidh teacht ar a seanléim arís. Lena chois sin tá an Fóram Domhanda Éireannach Eacnamaíoch ann agus é ar siúl gach dara bliain ó 2009 i leith.

Tá tábhacht freisin le heagraíochtaí agus le grúpaí áitiúla a choinníonn ceangal ar bun idir Éire agus an Diaspóra.

Déanfaidh an athbhreithniú scrúdú ar an méid a leanas:

- * An t-athrú atá ag teacht ar an Diaspóra;
- * Na rudaí atá ag teastáil ó phobail de chuid an Diaspóra agus conas iad a sholáthar. Tá aird le díriú ar imircigh nua, ar dhaoine gan cháipéisí sna Stáit agus ar imircigh atá ag dul in aois.
- * An bhaint atá ag an Diaspóra le rath na hÉireann i gcúrsaí sóisialta agus geilleagair;
- * An bhaint atá ag an Diaspóra le cúrsaí síochána in Éirinn;
- * Stádas agus cearta na n-imirceach agus na ndaoine a thagann ar ais;
- * An chaoi ar fearr don Rialtas dul i dteagmháil le hÉireannaigh thar lear.

Bheidh fáilte ag an Roinn roimh chomhairle faoi rudaí eile is fiú a scrúdú. Tá an athbhreithniú seo ag cur leis an Athbhreithniú atá an Roinn a dhéanamh ar an mBeartas Eachtrach agus ar an gCaidreamh Seachtrach.

Ní mór aighneachtaí a dhéanamh i bhfoirm scríofa agus iad a chur chun Diasporareview@dfa.ie (Irish Abroad Unit) nó chun 'Review of Diaspora Strategy,' Irish Abroad Unit, Department of Foreign Affairs & Trade, 79-80 St Stephen's Green, Dublin 2. Ní mór é a dhéanamh faoi 21 Aibreán 2014. Abair an bhfuil tú sásta ligean don Roinn d'aighneacht nó aon chuid di a fhoilsiú ar shuíomh na Roinne nó a eisiúint. Abair freisin an mian leat aon chuid d'aighneacht a choinneáil siar agus cén fáth (féach www.foi.gov.ie).

<https://www.dfa.ie/our-role-policies/the-irish-abroad/diaspora-policy-review/>



Litir

Féach litir shuimiúil ó Albert Collins, Corcaíoch, san *Irish Times*, 28/3/2014. Maíonn sé (mar a déarfaimis go léir) gurb í beatha na teanga í a labhairt. Deir sé gur choitianta an t-ábhar scoile agus ollscoile an Laidin tráth agus béim á cur ar an ngramadach agus ar an litríocht. Is beag duine a bhí in ann an teanga a labhairt dá bharr. Is rómhínic a thugtaí faoin nGaeilge ar an dóigh chéanna agus an toradh céanna ar an obair.

Bhí mo dhuine ag obair sa Vín agus an caoga sáráithe aige, agus d'fhreastail sé ar chúrsaí Gearmáinise dhá uair sa tseachtain ar feadh ceithre bliana. Ní labhraítí sa rang ach Gearmáinis agus ní thugtaí aon aird ar an litríocht.. Faoi dheireadh an chúrsa bhí sé in ann gnáthchomhrá a dhéanamh i siopaí, i dtithe itheacháin agus i dtithe B&B san Ostair agus sa Ghearmáin, áiteanna ar mhínic nach mbíodh Béarla ag na húinéirí. Lena chois sin, bhí sé in ann úrscéalta a léamh i nGearmáinis. Maidir leis an nGaeilge, deir Collins go bhfuil tábhacht leis an litríocht ach go gcaithfear tús áite a thabhairt don chaint chun teanga bheo a chothú. Ní tuairim úr í ach tá taithe Eorpach mo dhuine ag tacú léi. Is díol spéise í dá bharr.

Féach <http://www.gaelport.com/nuacht?NewsItemID=11106>.



Na Gaeil nár tháinig ó Éirinn

In Annálacha Thighearnaigh tá an iontráil seo le fáil don bhliain 501: *Fergus Mor mac Earca cum gente Dal Riada partem Britaniae tenuit, et ibi mortuus est.*¹ Tá sé seo ag cur leis an gcuntas atá á thabhairt le fada an lá ar theacht na nGael go dtí Albain: rinne siad ionradh ar Earra-Ghàidheal i ndeireadh an 5ú haois ó ríocht Dhál Riada i dtuaisceart na hÉireann, dhíbir na Píochtaigh a bhí ina gcónaí rompu ann agus chuir Dál Riada na hAlban ar bun. Deirtear gur triúr dearthár a bhí i gceannas na nGael úd: Fergus (Fearghus) Mór, Loarn agus Oengus (Aonghus) Mór. Ba é Gabrán (Gabhrán) garmhac Fergusa, agus ba é Cineál Ghabhráin a tháinig chun tosaigh in Earra-Ghàidheal le cabhair ó Cholm Cille, taidhleoir agus misinéir. Adamnán (Adhamhnán), Ab Oileán Í, a scríobh beatha Cholm Cille (*Vita S. Columbae*), saothar a thugann léargas dúinn ar shaol na nGael i nDál Riada.²

Ba dhóigh leat, mar sin, nach raibh baint ag na Gaeil le hAlbain go dtí timpeall 500 AD. Maith an scéal: ach tá na seandálaithe ag diúltú dó. Tá lochtú gear déanta ag scoláirí ar nós Ewan Campbell ar an seanscéal agus athbhreithniú déanta acu ar an bhfianaise.³ Mar a deir Campbell, ní raibh aon bhunús ceart seandálaíoch riamh le scéal an ionraidh. Tugann a lán seandálaithe le fios anois gurb éard a bhí i gceist ná uasaicme nua a theacht i réim seachas inimirce pobail, agus go raibh an nasc idir Éire agus iardheisceart na hAlban níos sine ná mar a síleadh.

Féachaimis ar an bhfianaise úd. Má bhí ionradh ann bheadh súil agat go dtabharfaí trealamh cultúrtha anall. Tá crannóga, mar shampla, le fáil in Éirinn agus in Earra-Ghàidheal araon, agus b'fhurasta a áitiú (de réir an tseanscéil) gur ó Éirinn a tháinig siad sa chéad dul síos. Ach taispeánann an tseandálaíocht gurb iad crannóga na

¹ Annals of Tigernach: CELT T501.3 <http://celt.ucc.ie/published/G100002/index.html>

² Féach *Adamnani Vita S. Columbae*:

http://archive.org/stream/adamnanivitascol00adamuoft/adamnanivitascol00adamuoft_djvu.txt; agus Myles Dillon and Nora K. Chadwick, *The Celtic Realms*, Cardinal 1973, lgh 104-5.

³ Ewan Campbell, 'Were the Scots Irish?': <http://www.electricscotland.com/history/articles/scotsirish.htm>

hAlban na cinn is sine. Taispeánann an dátú deindreacrineolaíoch go raibh na crannóga Albannacha á dtógáil ón Iarannaois luath (c. 600 RCh) ach gur i ndiaidh 600 AD a tógadh formhór mór na gcrannóg Éireannach.

Tá ráthanna agus caisil an-choitianta in Éirinn (thángthas ar os cionn 30,000 ceann acu) ach theip orthu teacht i dtír in Albain. An dún barr cnoic is coitianta in Earra-Ghàidheal, imfhálú faoi dhíon le staighrí balla istigh agus seomraí sa bhalla. Taispeánann an dátú radacarbóin go raibh a leithéidí á dtógáil ón Iarannaois luath anuas go dtí beagnach 1000 AD. Níl aon fhianaise ann gur tháinig athrú ar an scéal sa chéad mhíle bliain AD, mar a tharlódh dá dtiocfadh pobal nua anall ó Chúige Aontroma.

Más uasaicme nua a tháinig i réim bheadh súil agat lena gcomharthaí sóirt. Tá fianaise ann go mbaineadh uasaicme na nInse feidhm as seodra, go háirithe dealga, mar chomhartha féiniúlachta. Bhain cineálacha áirithe seod le réigiúin áirithe. Tá dealga neasfháinneacha míolchruthacha le fáil ar fud na hÉireann ach ní bhfuarthas ach ceann amháin in Earra-Ghàidheal. Is é an scéal céanna ag an dealg bhísfháinneach é. Tá cineál áirithe deilge neasfháinní an-choitianta in iarthar na Breataine; fuarthas samplaí in Éirinn agus in Albain, ach baineann na dealga Éireannacha leis an 8ú haois agus d'eascair na cinn Albannacha ón 7ú haois.⁴

Tá a scéal féin le hinsint ag na logainmneacha. Níl aon bhunainmneacha Briotanacha in Earra-Ghàidheal mar atá in oirthear na hAlban. Is é an míniú a thugtaí air seo ná gur dhíbir na Gaeil an bunphobal Píochtach ar fad; ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh gan inimirce mhór, agus níl aon fhianaise sheandálaíoch ann gur tharla an inimirce sin. Dhealródh sé, mar sin, gurbh iad na Gaeil bunphobal na háite.

Sin na difríochtaí. Ach bhí aithne ag Gaeil na hÉireann agus ag Gaeil na hAlban ar a chéile riamh. Bhí dlúthbhaint ag an bhfarraige le saol Earra-Ghàidheal sna meánaoiseanna luatha. Ní faide an chuid is mó d'Earra-Ghàidheal ó Éirinn ná lá seoltóireachta, agus níl d'achar eatarthu sna háiteanna is gaire dá chéile ach fiche míle. Bhí Earra-Ghàidheal scartha ón cuid eile d'Albain ag *Droim Alban*, na sléibhte arda garbha nach raibh de bhealach tríothu ach cúpla mán cúng. Is furasta a thuiscint, mar sin, conas a bheadh Earra-Ghàidheal ina limistéar teanga ar leith in Albain.

Cuimhnimis ar an tagairt úd d'Fhearghus. Is dócha nár breacadh an iontráil roimh an 10ú haois agus áitítear nár chuid de na hannálacha ó thús é ach gur tógadh é ó chroinic de chuid Chluain Mhic Nóise a scríobhadh sa 10ú haois. Ní thugann sé léargas neamhspleách ar an gcoilíniú. Deir Campbell agus a leithéidí nach bhfuil i bhfoinsí den saghas sin ach finscéalta ginealaigh a cumadh chun a chur in iúl gur de shliocht gaiscígh an dream a bhí i gcumhacht ag an am.

Áitíonn Campbell gur choinnigh muintir Earra-Ghàidheal a bhféiniúlacht réigiúnach féin ón Iarannaois go dtí an ré mheánaoiseach agus go raibh Gaeilge acu an t-am ar fad. Limistéar mara a bhí ann agus bhíodh daoine ag dul idir Éire agus Albain, rud a lig dóibh teanga chomhcoiteann a chothú. Bhí siad scoite amach ó oirthear na hAlban, rud a chosain iad ó na hathruithe teanga a bhí ar siúl thall sa ré dhéanach Rómhánach.

Faoin ré mheánaoiseach luath bhí cabhlach láidir ag Dál Riada na hAlban a lig dó Inse Orc, Oileán Mhanann agus iarthar na hÉireann a ionsaí. Bhí smacht aige ar chuid d'Éirinn ar feadh tamaill agus thugtaí Dál Riada uirthi sin freisin. Níor chois sé sin ar scríbhneoirí Éireannacha a mhalairt de chuma a chur ar an scéal.

Cuireann Campbell an cheist seo: 'Surely the question that is of interest here is not "where did people come from?"', but "how did people establish and change their personal and group identity by manipulating oral, literary and material culture?"'



⁴ Féach cuntas ar na dealga in **Laing, Lloyd Robert**, *The Archaeology of Celtic Britain and Ireland: c.AD 400 – 1200*. Cambridge University Press 2006, lgh 163-166.
http://books.google.com.au/books?id=AcDmHwcv4jMC&pg=PA163&lpg=PA163&dq=spiral-ringed-ring-headed-pin&source=bl&ots=41tsnJ8bW-&sig=2IVDB-mWP0ZGSRfr9NS6aKgjc_c&hl=en&sa=X&ei=QDQuU_qpHMvbkAWQ04CoDw&ved=0CDUQ6AEwAg#v=onepage&q=spiral-ringed%20ring-headed%20pin&f=false

Faisnéis agus bás sna hOileáin Philipíneacha

Tá 7,107 oileáin sna hOileáin Philipíneacha agus os cionn 99 milliún duine ina gcónaí ann. Cé go bhfuil an-éagsúlacht ag baint leis an tír tá formhór mór na ndaoine ina gCaitlicigh, a bhuíochas sin ar na Spáinnigh. Tháinig siad sin i réim sa 16ú haois agus d'éirigh an pobal amach ina gcoinne na Spáinneach i ndeireadh an 19ú haois; chuir na Meiriceánaigh coimearcas ar bun agus níor aithníodh neamhspleáchas na tíre go dtí go raibh deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda.

Daonlathas ar leith atá le fáil sna hOileáin Philipíneacha. Tá foréigean polaitiúil ar siúl ar fud na tíre, go háirithe i gcúrsaí bardais. Is minic polaiteoirí ina bhforlámhaithe áitiúla agus gníomhaithe sóisialta is mó a chuireann eagla orthu – iriseoirí rófhiosracha, daoine atá ag iarraidh córas na talún a leasú, daoine atá in aghaidh lománaíochta nó mianadóireachta, agus grúpaí réabhlóideacha. Tá smacht ag na forlámhaithe úd ar airm phríobháideacha áitiúla agus ar na bpóilíní: ní chuirtear an dlí i bhfeidhm.

Is minic a tharraingítear aird ar an gcaidreamh idir pátrúin agus cliaint agus ar bhuaire na dtiarnaí talún mar fhórsa polaitiúil. Deirtear go bhfuil teaghlaigh pholaitiúla áirithe chun tosaigh de bharr an leasa a bhaineann siad as talamh, gréasáin tráchtála, gnóthaí iompair, lománaíocht, mianadóireacht agus tráchtáil neamhdhlíthiúil. Áitíonn scoláirí ar nós John Sidel, áfach, go bhfuil an tsainicme pholaitiúil i bhfad níos leithne.⁵ Deir siad gur minic cumhacht na bpolaiteoirí ag brath ar acmhainní stáit agus ar chaipiteal tráchtála; má tá talamh acu, fuair siad é tar éis dóibh teacht in oifig. Ní bhaineann cuid de na polaiteoirí is buaine leis an tsainicme talún ar chor ar bith.

Is fada caimiléireacht, ceannach vótaí agus an lámh láidir fite fuaite i gcúrsaí toghchánaíochta; is beag polaiteoir nach n-atoghtar dá bharr. Tá baint aige seo le nádúr na n-institiúidí stáit. Chuir na Meiriceánaigh daonlathas áitiúil ar bun ach bhí toradh cam air: d'éirigh le pholaiteoirí áitiúla smacht a fháil ar chumhacht chomhéigineach an stáit agus gan cliarlathas láidir neamhspleách ann lena mbacadh. Tá talamh poiblí, fórsaí póilíneachta, conarthaí tógála agus saincheadúnais mhonaplachta ar fáil acu. Agus ní deacair brú a chur ar vótálaithe bochta nach bhfuil morán bealaí acu chun iad féin a chosaint.

Is iad na hiriseoirí is mó atá i mbaol sa saol sin. Is é an drochghníomh is mó a thug léargas air sin ná sléacht Maguidanao ar 29 Samhain 2009. Bhí an polaiteoir Esmael Mangudadatu ag dul in iomaíocht le ball de mhuintir Ampatuan, muintir chumhachtach pholaitiúil in Mindanao, sa toghchán gobhanóireachta. Rinneadh luíochán roimhe féin agus roimh a lucht leanúna. Ba iad na daoine a maraíodh ná bean chéile Mangudadatu, an bheirt deirfiúr aige, dlíodóirí, cúntóirí, finnéithe agus ceithre iriseoir is tríocha ar a laghad.

Is leor roinnt samplaí eile a lua. Mharaigh gunnadóir éigin Rogelio Batulid, iriseoir raidió, i gCathair Tagum, an dóú hiriseoir déag a maraíodh sna hoileáin Philipíneacha sa bhliain 2013. I Mí na Lúnasa 2013 lámhachadh an grianghrafadóir Mario Sy i bhfianaise a mhná céile agus a iníne i gcathair General Santos; b'fhéidir go raibh baint aige sin le tuairisc a thug sé ar ghainneáil drugaí. Dhá lá roimhe sin maraíodh Bonifacio Loreto Óg agus Richard Kho ar oileán Luzon; bhí roinnt polaiteoirí cáinte ag a bpáipéar. Níor ciontaíodh aon duine sna coireanna seo. Maraíodh trí iriseoir is seachtó ar a laghad ón mbliain 1992 i leith de dheasca a gcuid tuairiscoireachta. Maraíodh cúig iriseoir is caoga ar a laghad sna deich mbliana seo caite agus gan a fhios ag aon duine (go hoifigiúil) cé rinne é.

Le léamh:

Denver Nicks, '12 Journalists Killed in the Philippines This Year, Says Human Rights Watch,' 11 Nollaig 2013: <http://cpj.org/killed/asia/philippines/>

http://www.nscb.gov.ph/ncs/12thncs/papers/INVITED/IPS-11%20Governance%20Statistics/IPS-11_1%20Political%20Dynasties%20and%20Poverty_Evidence%20from%20the%20Philippines.pdf

⁵ Féach, mar shampla, John T. Sidel, 'Bossism and Democracy in the Philippines, Thailand, and Indonesia: Towards an Alternative Framework for the Study of 'Local Strongmen''.

<http://www.uio.no/studier/emner/sv/iss/SGO2400/h05/undervisningsmateriale/Sidel.pdf>

Jan Pingel, 'Patrimonial Power Structures and Political violence'. http://www.ipon-philippines.info/fileadmin/user_upload/Observers/Observer_Vol.2_Nr.2/Observer_Vol.2_Nr.2_PoliticalKillings_10.pdf



Loirg choise Willandra

Rud thar a bheith daonna is ea lorg na láimhe nó lorg na coise. Labhraíonn a lorg sin sin mar a labhroth guth. Na loirg choise is sine a d'fhág daoine nó homainidí ina ndiaidh tá siad le fáil san Afraic, ach tá an chuid is mó acu le fáil in uaimheanna sa Rómáin, sa Fhrainc, sa Ghréig agus eile, agus tá láithreáin eile den saghas sin amuigh faoin aer sa tSile, i Meicsiceo, san Airgintín, sa tSín, sa Tuirc agus sa Chóiré. Is gearr ó tháinig seandálaithe de chuid Mhúsaem na Breataine, Mhúsaem Stair an Dúlra agus Ollscoil Londan ar loirg choise a d'fhág scata daoine ar sheanphluda inbhir ag Happisburgh ar chósta oirthearach Shasana. Bhí beirt pháistí ar a laghad ann agus duine fásta. B'fhéidir go raibh gaol acu le *Homo antecessor* ('an réamhduine'), spéiceas a d'ímigh in éag timpeall 800,000 bliain ó shin.

San Astráil, áfach, atá an láithreán is mó, ceann a bhaineann leis an ré Phléisticéineach. Tá sé le fáil i Lochanna Willandra in Abhantrach an Murray in oirdheisceart New South Wales. Ag an am sin bhí an Nua-Ghuine agus an Tasmáin ina gcuid den ilchríoch Astrálach, agus bhí oighearshruthanna in iardheisceart na Tasmáine. Tugann an láithreán léargas iontach ar na daoine a bhí ina gcónaí i lár na tíre nuair ba ghéire an tréimhse oighreach dheireanach.

Tá ocht seanloch déag tirime (Loch Mungo agus eile) i Willandra. Tá iarsmaí daonna sna dumhcha ar imeall na lochanna agus taispeánann siad go raibh daoine ann 46,000 bliain ó shin ar a laghad. Fuarthas na cnámha is sine san Astráil ag Loch Mungo, agus is ann a fuarthas cuid den DNA miteachoidriach is ársa. Tá timpeall 533 lorg coise daonna ann, in éineacht le loirg a d'fhág cangarúnna agus éimiú óg ann. Tá dáta idir 19,000 agus 20,000 bliain ó shin luaite leis an láithreán, am na Buaice Oighrí Déanaí ann – tréimhse idir 23,000 agus 18,000 bliain ó shin inar tháinig athrú gearr ar an aeráid agus ar an timpeallacht. B'fhéidir le daoine dul trasna na cré i rith tréimhse nárbh fhaide ná 4,000 bliain. Cuireann rian an éimiú óig in iúl go ndearnadh an láithreán sa gheimhreadh nó i dtús an Earraigh (idir Mí Iúil agus Mí Dheireadh Fómhair), mar beireann éimiúnna a gcuid uibheacha sa Fhómhar idir Mí Mhárta agus Mí na Bealtaine de ghnáth

Is iad treibheanna na háite na Barkindji, na Mutthi Mutthi agus na Ngiyampaa, agus iadsan a thug faoin ngaineamh a bhí ar na loirg a chartadh. Ansin féin ba dheacair teacht orthu, agus úsáideadh georadar (scanóir tríthoimhseach mionchruinnis) chun an láithreán a thomhas. Baineadh feidhm as lonrucht spreagtha optúil⁶ chun a fháil amach cén uair a cuireadh gráinní grianchloiche an deascaidh atá os cionn an chruachsil agus thíos faoi.

Fuair na heolaithe cúnadh iontach ó lorgair de chuid mhuintir Pintubi ó lár na tíre, agus d'aithin siad sé rian is fiche a d'fhág daoine singile ina ndiaidh. Tugadh le fios gur buin shleánna ba chúis le rianta cruinne a bheith ann agus gur athscinneadh sleá a d'fhág stríoca ann. Tá rianta eile ann a d'fhág maidí ann, b'fhéidir, agus fréamhacha nó tiúbair á mbaint aníos. Is léir ó na loirg go raibh daoine ag imeacht i ngach treo.

Measadh ó thomhas na lorg go raibh cuid de na daoine ard go leor; bhí fear amháin 1.98 méadar (sé throigh is cúig orla) ar airde. Nuair a tomhaiseadh fad na gcoiscéimeanna measadh go raibh daoine ann ar shár-reathaithe iad. Tá an méid sin ag cur leis an eolas a fuarthas ó chnámharlaigh sa réigiún: daoine scafánta a raibh giall mór agus malaí móra acu.

Tá fadhbanna caomhnaithe ag baint leis an láithreán. Bhí an bháisteach ag tabhairt deascaidh isteach sna loirg, agus an taise ag reo faoi chraiceann na cré agus á bhriseadh. Bhí mionbhruar á dhéanamh den láithreán dá bharr.

⁶ **Lonrucht spreagtha optúil** (*optically stimulated luminescence*): Tá iosatóip (i.e. dúile cheimiceacha) raidighníomhacha i ngach saghas cré: dúile ar nós úráiniam agus tóiriam. Nuair a mheathann siad gintear radaíocht ianaithe agus téann sí isteach i mianraithe ar nós grianchloiche agus iathchloiche. Bíonn leictreoin neamhsheasmhacha ann de bharr an dochair a dhéanann an radaíocht do na mianraí. Má spreagtar na mianraí le solas gorm, uaine nó infradhearg, scaoiltear amach fuinneamh na leictreon neamhsheasmhach agus feictear lonrucht. Tá neart na lonruchta ag brath ar an méid radaíochta. Méadaíonn ar an dochar radaíochta le himeacht aimsire de réir an mhéid dúl raidighníomhach sa sampla.

Socraíodh ar dhíon a chur ar an láithreán, agus aithníodh go bhféadfadh na húinéirí traidisiúnta na loirg a athchur. Mar a deir an tuairisc:

The footprint site widens our perceptions of a past society more graphically than other forms of archaeological study. It also presents an added dimension to our understanding of the morphology and physical capabilities of Pleistocene humans that is not implicit in osteological studies. Some of the recorded marks may be impressions of implements carried by these people, with the potential to reveal more about their technology and material culture. The footprints are a rare glimpse into life at the height of the last glacial period.

Le léamh:

Steve Webb, Matthew L. Cupper, Richard Robins: 'Pleistocene human footprints from the Willandra Lakes, southeastern Australia': http://epublications.bond.edu.au/cgi/viewcontent.cgi?article=1040&context=hss_pubs

<http://www.abc.net.au/catalyst/stories/s1729768.htm>

<http://www.nbcnews.com/science/science-news/scientists-find-800-000-year-old-footprints-uk-n24551>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

Na Gaeil nár tháinig ó Éirinn

Le fada an lá bhí scoláirí á rá gur tháinig na Gaeil go dtí Albain de bharr ionraidh i ndeireadh an 5ú haois. Dhíbir siad na daoine (Piochtaigh) a bhí ina gcónaí ann agus chuir siad Dál Riada, ríocht nua, ar bun in Earra-Ghàidheal.

Anois tá na seandálaithe ag diúltú don scéal sin. Deir siad nach bhfuil fianaise sheandálaíoch ann gur tharla ionradh riamh. Is dócha gur uasaicme⁷ nua a tháinig i réim. Is cosúil go raibh an nasc idir Éire agus iardheisceart na hAlban níos sine ná mar a síleadh.

Má bhí ionradh ann thabharfaí earraí cultúrtha anall ó Éirinn. Tá crannóga, mar shampla, le fáil in Éirinn agus in Earra-Ghàidheal araon. Ach taispeánann an tseandálaíocht gurb iad crannóga na hAlban na cinn is sine. Tá ráthanna agus caisil an-choitianta in Éirinn ach níl siad le fáil in Albain. Rud eile atá ann: an dún barr cnoic.⁸ Bhí a leithéidí á dtógáil ón Iarannaois luath (c. 600 RCh) anuas go dtí beagnach 1000 AD.

Bhí dealga á gcaitheamh ag an uasaicme nua sa dá thír, ach tá difríochtaí idir dealga na hÉireann agus dealga na hAlban. I gcás saghas an-choitianta, tá na cinn Albannacha níos luaithe ná na cinn Éireannacha.

Saol Gaelach atá timpeall Adhamhnáin agus é ag scríobh in Earra-Ghàidheal sa 7ú haois; tá na sloinnte agus na logainmneacha go léir i nGaeilge. Níl aon bhunainmneacha Briotanacha ann mar atá in oirthear na hAlban. Is é an míniú a thugtaí air seo ná gur dhíbir na Gaeil an bunphobal Piochtach ar fad; ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh gan inimirce mhór, agus níl aon fhianaise sheandálaíoch ann gur tharla an inimirce sin. Tá bharfadh sé sin le tuiscint gurbh iad na Gaeil bunphobal na háite.

Má dhíbir na Gaeil na Piochtaigh, d'fhágfadh na seanlogainmneacha Piochtach a rian ar Earra-Ghàidheal mar a d'fhág siad ar an gcuid eile d'Albain. Níl a rian sin le fáil ann. Is dócha, mar sin, go raibh na Gaeil ann ó thús. Bhí baint éigin acu riamh le hÉirinn. Bhíodh longa ag dul ó thuaidh agus ó dheas, agus tá Earra-Ghàidheal an-ghar do Chúige Aontroma. Bhí Earra-Ghàidheal scartha ón cuid eile d'Albain ag *Droim Alban* (na *Grampians*), sléibhte arda garbha.

Tá foinsí scríofa ann a deir go ndearnadh ionradh faoi cheannas gaiscígh darbh ainm Fearghus Mór. Is minic a cumadh finscéalta den saghas sin chun a thaispeáint gur de shliocht uasal na ríthe a tháinig i gcumhacht ina dhiaidh sin.

Deir na seandálaithe gurbh fhéidir leis na limistéir Ghaelacha earraí cultúrtha a mhalartú ar a chéile. Bheadh daoine ag dul ó Éirinn go dtí Albain agus ar ais arís. Mar sin féin, bhí difríocht chultúrtha idir an dá áit.

Chuir Dál Riada cabhlach láidir a chur ar bun. Dá bhri sin bhí Dal Riada in ann Inse Orc, Oileán Mhanann agus iarthar na hÉireann a ionsaí. Deir seandálaithe éigin go raibh Dál Riada in ann smacht a fháil ar chuid d'Éirinn agus tugadh Dál Riada ar an áit sin.

Faisnéis agus marú sna hOileáin Philipíneacha

Tá 7,107 oileáin sna hOileáin Philipíneacha agus os cionn 99 milliún duine ina gcónaí orthu. Tá formhór na ndaoine ina gCaitlicigh, a bhuíochas sin ar na Spáinnigh. Ruaigeadh na Spáinnigh i ndeireadh an 19ú haois agus tháinig na Meiriceánaigh isteach. D'éirigh an tír neamhspleách i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda.

Is trua go bhfuil daonlathas na tíre millte ag an bhforéigean polaitiúil. Tá polaiteoirí áitiúla i gceannas bailcí armtha agus na bpóilíní. Tá eagla orthu roimh ghníomhaithe sóisialta: iriseoirí, daoine ar mian

⁷ Uasaicme – upper class

⁸ Dún barr cnoic – hilltop fort

leo córas na talún a athrú, daoine atá in aghaidh lománaíochta nó mianadóireachta, agus grúpaí réabhlóideacha.

Tá tábhacht leis na tiarnaí talún mar fhórsa polaitiúil. Ach tá tábhacht le polaiteoirí eile freisin, daoine atá ag brath ar acmhainní stáit agus ar chaipiteal tráchtála.

Bhí caimiléireacht, breabaireacht ceannach vótaí agus an lámh láidir ag baint riamh le cúrsaí toghchánaíochta sna hOileáin Philipíneacha. Chuir na Meiriceánaigh daonlathas áitiúil ar bun, ach d'éirigh le pholaiteoirí áitiúla smacht a fháil ar acmhainní agus ar chumhacht an stáit. Ní raibh cliarlathas láidir neamhspleách ann chun cur ina gcoinne.

Tá iriseoirí i mbaol i gcónaí. Maraítear iad má cháineann siad polaiteoirí nó má thugann siad tuairisc ar choireanna. Maraíodh trí iriseoir is seachtó ar a laghad ón mbliain 1992 i leith. Maraíodh cúig iriseoir is caoga ar a laghad sna deich mbliana seo caite. Deir na húdaráis nach bhfuil a fhios acu cé mharaigh iad agus níor cúisíodh aon duine.